Ombudsman

An Coimisinéir Faisnéise
Information Commissioner

Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil
Commissioner for Environmental Information

An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Commission for Public Service Appointments

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission

# ATHBHREITHNIÚ AR AN gCREAT RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH, 2018

Meitheamh 2018

**BROLLACH** 3

**1. FORBHREATHNÚ AR AN OIFIG** 4

Róil na nOifigí 4

Luachanna, Iompraíochtaí agus Cultúr 5

Ceapacháin Foirne 7

Seirbhís do Chustaiméirí 7

Struchtúr Eagrúcháin 8

Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht agus Bainistíocht Feidhmíochta 9

Pleanáil Gnó 9

Tuarascálacha Bliantúla 9

An Scéim Teanga 10

Socruithe Cumarsáide Inmheánaí 10

Caidreamh Geallsealbhóirí Seachtracha 11

**2. RÓIL AN LUCHT ARDBHAINISTÍOCHTA AGUS SANNADH FREAGRACHTAÍ** 15

Ról an Ombudsman agus an Choimisinéara Faisnéise / an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil 15

Ról an Ard-Stiúrthóra / an Oifigigh Chuntasaíochta 18

**3. AN FHOIREANN BHAINISTÍOCHTA AGUS STRUCHTÚIR RIALACHAIS EILE** 19

An Fhoireann Bhainistíochta 19

Na Comhaltaí 19

Róil na Foirne Bainistíochta 19

Cruinnithe 20

Tuairisciú 21

Coistí 21

An Coiste Comhpháirtíochta 21

An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta 22

An Fhoireann um Measúnacht Cáilíochta 22

An Bord Tionscadail 23

An Grúpa Athbhreithnithe Oibríochtaí 24

Coistí Eile 25

**4. SOCRUITHE INIÚCHÓIREACHTA, RIOSCA, DEARBHAITHE AGUS COMHLÍONTA 26**

An tOifigeach Cuntasaíochta – Freagrachtaí Iniúchóireachta 26

Ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca 26

Ról an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí 27

Iniúchóirí Seachtracha 28

Ról an Aonaid Airgeadais 28

Bainistíocht Riosca 29

Soláthar Poiblí 30

Soláthar TFC 31

Prionsabail um Luach ar Airgead 32

**Aguisín 1 33**

# Brollach

Is é an sainmhíniú a thugtar ar Rialachas Corparáideach ná an córas, na prionsabail agus na próisis trína ndéantar eagraíochtaí a threorú agus a rialú. Tá na prionsabail is bonn le rialachas corparáideach bunaithe ar an eagraíocht a bhainistiú le hionracas agus le cothroime, ar thréscaoilteacht a sholáthar, ar gach nochtadh riachtanach a dhéanamh agus ar chloí leis an reachtaíocht ábhartha. Cabhraíonn dea-rialachas le bainistíocht éifeachtúil éifeachtach, rud a fhágann go gcuirtear luach agus seirbhís shármhaith do chustaiméirí ar fáil dár ngeallsealbhóirí éagsúla.


Leagtar amach sa doiciméad seo conas a oibríonn Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise (a chuimsíonn Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil), an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is iad feidhmeanna reachtúla ar leith a chomhlíonann na ceithre Oifig, ar a dtugtar an 'Oifig' ar fud an doiciméid.

Tá an Oifig seo tiomanta do struchtúir, do phróisis agus do chórais den dea-chleachtas a thacaíonn le feidhmiú rathúil a dualgas ar bhealach eiticiúil, cuntasach, trédhearcach agus éifeachtach. Is é ár dtuairim láidir go bhfuil dea-rialachas corparáideach ríthábhachtach chun tacú le comhlíonadh thosaíochtaí straitéiseacha na hOifige. Trí shocruithe rialachais a dhoiciméadú, is féidir lenár ngeallsealbhóirí a bheith cinnte go bhfuil beartais agus cleachtais dea-rialachais fite fuaite i gcultúr na hOifige.



Peter Tyndall

An tOmbudsman agus an Coimisinéir Faisnéise



Jacqui Mc Crum

An tArd-Stiúrthóir

# 1. Forbhreathnú ar an Oifig

## Róil na nOifigí

Clúdaítear sa doiciméad seo Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC), Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (OCEI), an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPOC) agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA). Is iad feidhmeanna reachtúla ar leith a chomhlíonann na cúig Oifig. Ina ainneoin sin, feidhmíonn siad mar ghníomhaireacht chónasctha aonair faoi Vóta amháin agus faoi Oifigeach Cuntasaíochta amháin agus faoi fhoireann bhainistíochta a bhainistíonn an Oifig agus a dhéanann an neamhspleáchas reachtúil agus na feidhmeanna reachtúla atá ag gach ceann de na comhpháirteanna a chosaint agus a chaomhnú ag an am céanna. Tá a bhfoireann féin ag gach Oifig ach comhroinntear feidhmeanna airgeadais, acmhainní daonna, dlí, cumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise eatarthu.

Is é cúram príomha Oifig an Ombudsman breithniú a dhéanamh ar ghearáin aonair faoi sholáthraithe áirithe seirbhíse poiblí a bhreithniú, sásamh don duine aonair a lorg nuair is cuí agus feabhsuithe ar sheirbhísí poiblí a bhaint amach. Is é an tAcht Ombudsman, 1980 (arna leasú), an reachtaíocht lena rialaítear í. Chomh maith leis sin, scrúdaíonn an Oifig gearáin faoi chlistí soláthraithe seirbhíse poiblí foirgnimh, seirbhísí agus faisnéis atá inrochtana a chur ar fáil, faoi mar a cheanglaítear le Cuid 3 den Acht um Míchumas 2005.

Baineann feidhmeanna Oifig an Choimisinéara Faisnéise leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, trí athbhreithnithe neamhspleácha a dhéanamh ar bhreitheanna atá tugtha ag comhlachtaí poiblí maidir le hiarrataí Saorála Faisnéise. Faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, déanann Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil athbhreithniú ar achomhairc a thionscnaíonn baill den phobal nach bhfuil sásta leis an toradh ar a n-iarraidh ar údaráis phoiblí faisnéis comhshaoil a chur ar fáil.

Díríonn rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar an reachtaíocht um Eitic agus Toghcháin a mhaoirsiú. Is é meon na reachtaíochta sin cuntasacht agus caighdeáin arda i saol poiblí na hÉireann a chinntiú. Tá ról maoirseachta aici faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (na hAchtanna um Eitic), faoin Acht Toghcháin,

1997, arna leasú (na hAchtanna Toghcháin) agus faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2014 (an tAcht um Ghníomhaíochtaí Parlaiminte).

Leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015, foráiltear do Chlár Brústocaireachta Gréasánbhunaithe chun faisnéis a chur ar fáil don phobal ar chéannacht na ndaoine sin atá ag déanamh cumarsáid le hoifigigh phoiblí ainmnithe maidir le beartas sonrach, le cúrsaí reachtaíochta agus le cinntí ionchasacha. Agus é ag comhlíonadh a róil mar Rialálaí Brústocaireachta, déanann an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maoirseacht ar chur chun feidhme an chláir, déanann sé faireachán ar chomhlíonadh, cuireann sé treoir agus cúnamh ar fáil agus, nuair is gá, imscrúdaíonn sé sáruithe ar cheanglais dhlíthiúla agus leanann sé díobh.

Tá freagracht ar an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí as próisis earcaíochta agus cheapacháin san earnáil phoiblí a rialáil. Bunaíodh é leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus tá sé faoi cheangal ag an dlí a chinntiú go ndéantar earcú agus roghnú ar bhealach atá cothrom, oscailte, cuimsitheach agus bunaithe ar fhiúntas.

Cuireann an Oifig rúnaíocht ar fáil don Choimisiún Reifreann freisin agus é ar bun. Cuireadh ar bun é don reifreann ar fhoirceannadh toirchis a rialáil, a bhí le reáchtáil an 25 Bealtaine 2018. Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún agus is iad na príomhfheidhmeanna atá aige ábhar na dtograí reifrinn a mhíniú, feasacht an phobail ar reifreann a mhéadú agus spreagadh a thabhairt do dhaoine a vóta a chaitheamh. Cistítear é le Vóta na Roinne coimircíochta.

Is féidir faisnéis níos mine faoin dóigh a n-oibríonn gach Oifig a fháil ar an rannán 'Eolas fúinn' ar a suíomh Gréasáin faoi seach - Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Brústocaireacht a Rialáil, an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus an Coimisiún Reifrinn.

Bíonn tírdhreach na seirbhísí poiblí ag athrú i gcónaí. Dá bhrí sin, caithfear leis an gCreat seo mar dhoiciméad dinimiciúil a nuashonrófar go rialta, agus cuimhne á coimeád ar chiorcláin ghaolmhara agus treoir ghaolmhar.

## Luachanna, Iompraíochtaí agus Cultúr

Is é an fhís atá againn ná 'Seirbhís phoiblí atá cóir, oscailte, cuntasach agus éifeachtach'. Dírímid ar an tionchar atá ag ár nOifig ar an mórsheirbhís phoiblí a leathnú, ar an leibhéal seirbhísí a

sholáthraímid a fheabhsú go leanúnach, agus ar a chinntiú go gcuirfidh ár gcórais agus ár bpróisis ar ár gcumas na cuspóirí sin a bhaint amach. D'fhonn ár gcuspóirí a chomhlíonadh go rathúil, cuirimid cultúr dearfach iompair eiticiúil agus rialachais éifeachtaigh chun cinn.

Tá ár luachanna, atá leagtha amach thíos, mar bhonn agus thaca ag ár gcuspóirí straitéiseacha agus cuireann siad leis an dóigh a soláthraímid ár gcuid seirbhísí a mhúnlú:

**Neamhspleáchas -** Is ar bhealach cóir, neodrach agus neamhchlaon a dhéanfaimid scrúdú ar ghearáin, a dhéanfaimid athbhreithnithe agus a thabharfaimid breitheanna.

**Díriú ar Chustaiméirí -** Féachaimid le sármhaitheas agus gairmiúlacht a bhaint amach agus ár seirbhísí á soláthar againn. Comhlíonfaimid caighdeáin shainithe cháilíochta agus déanfaimid athbhreithniú leanúnach ar ár bhfeidhmíocht chun a chinntiú go mbíonn an custaiméir ag croílár de gach a ndéanaimid.

**Cothroime -** Gné bhunúsach den chaidreamh atá againn le gach geallsealbhóir is ea caitheamh le daoine le meas, le dínit agus go cóir. Cuireann sé sin le timpeallacht shláintiúil oibre freisin, áit a gcothaítear caidreamh, oscailteacht agus trédhearcacht.

**Ionbhá -** Tuigimid go mbaineann formhór ár gcustaiméirí leas as ár seirbhísí mar gheall gur bhain siad triail cheana féin as gach ceann de na bealaí eile atá ar fáil dóibh. Éistfimid go cúramach lenár gcustaiméirí d'fhonn a n-ábhair imní a thuiscint agus d'fhonn bheith tuisceanach faoi na hábhair imní sin.

**Nuálaíocht -** Déanfaimid feabhsuithe leanúnacha ar fheidhmíocht agus bainfimid leas as na modhanna dea-chleachtais chun seirbhís den scoth a sholáthar, agus sinn ag méadú muinín as soláthar seirbhíse poiblí ag an am céanna.

Is é an tUachtarán, ar ainmniú an Oireachtais, a cheapann an tOmbudsman agus an Coimisinéir Faisnéise (an t-aon duine amháin faoi láthair) ar chonradh ar théarma seasta. Tá sé ina chomhalta den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus den Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Tá sé ina chomhalta den Choimisiún Reifrinn freisin, agus é ar bun. Státseirbhísigh de chuid an Stáit iad na baill foirne eile san Oifig.

## Ceapacháin Foirne

Ar cheapadh dóibh, tugtar do gach ball foirne cóip de Chiorclán 7/98, ina leagtar amach na hoibleagáidí atá ar státseirbhísigh i ndáil le rúnaíocht agus le hionracas le linn dóibh dualgais oifigiúla a chomhlíonadh. Faigheann na baill foirne cóip de Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse agus de Chód Caighdeán agus Iompraíochta na hOifige araon freisin, ina léirítear an iompraíocht a bhfuiltear ag súil léi ó bhaill foirne faoi Chód na Státseirbhíse. Deimhníonn siad gur léigh siad na trí dhoiciméad sin agus gur thuig siad iad toisc gur cuid de théarmaí agus coinníollacha seirbhíse na mball foirne iad.


Chomh maith leis sin, tugtar do bhaill foirne cóip de Chód Araíonachta na Státseirbhíse, cóip den bheartas 'Dínit san Ionad Oibre' (beartas na Státseirbhíse um fhrithbhulaíocht, ciapadh agus ciapadh gnéasach), cóip de ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta na hOifige agus cóipeanna dár mbeartais um Nochtadh Cosanta agus Deasca Glana. Pléitear leis na doiciméid sin le linn an ionduchtaithe, rud a chuimsíonn modúl maidir le luachanna, le hiompraíocht agus le heitic na hOifige freisin.

## Seirbhís do Chustaiméirí

Tá rún daingean ag an Oifig ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar dár gcliaint uile i gcomhréir le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí atá ceadaithe ag an Rialtas. Soláthraímid seirbhísí do raon leathan cliant, lena n-áirítear gearánaigh aonair agus a n-ionadaithe; ionadaithe tofa amhail TDanna, Seanadóirí agus comhaltaí Údaráis Áitiúil; daoine a oibríonn sna meáin; soláthraithe seirbhísí poiblí; agus cuid mhór comhlachtaí agus eagraíochtaí deonacha agus ionadaíocha. Tá sonraí faoinár mbeartais um sheirbhís do chustaiméirí ar fáil sa rannán 'Seirbhís do Chustaiméirí' ar shuíomh Gréasáin na n-oifigí faoi seach.

## Struchtúr Eagrúcháin

Mar atá leagtha amach cheana féin sa doiciméad seo, cuimsíonn an Oifig roinnt comhlachtaí ag a bhfuil feidhmeanna reachtúla ar leith, ar comhlachtaí iad a ndéanann Foireann Bhainistíochta (féach Rannán 3) maoirseacht ar a gcuid gníomhaíochtaí agus a chistítear le Vóta amháin.




*Cuireann Oifig an Ombudsman seirbhísí ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i riocht rúnaíochta agus seirbhísí comhroinnte eile. Is é an tArd-Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh an dá fheidhm reachtúla. Tugann na Rúnaíochtaí tuairisc do chomhaltaí an dá Choimisiún i dtaca le cinntí agus tugann siad tuairisc don Ard-Stiúrthóir i dtaca le hábhair eile.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | — | Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | — | An tArd-Stiúrthóir* |
| An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | — | Rúnaíocht an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | — | An Stiúrthóir* |
| An Coimisiún Reifrinn | — | Rúnaíocht an Choimisiúin Reifrinn | — | An tArd-Stiúrthóir* |

*Duine amháin is ea Ard-Stiúrthóir/Stiúrthóir an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

# Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht agus Bainistíocht Feidhmíochta

D'fhoilsigh Oifig an Ombudsman agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise Ráiteas Straitéise athbhreithnithe sa bhliain 2016. Sainaithníodh trí chuspóir ardleibhéil ann mar nithe príomhúla a bhrúfaidh baint amach a bhfíse chun cinn. Tá siad mar seo a leanas:

- Brúfaimid feabhsuithe sa mhórsheirbhís phoiblí chun cinn
- Soláthróimid seirbhís atá dírithe ar chustaiméirí a léiríonn ár mbunluachanna
- Déanfaimid ár gcreataí bainistíochta agus riaracháin a fheabhsú agus a fhorbairt d'fhonn tacú leis na cuspóirí atá againn feabhas a chur ar an mórsheirbhís phoiblí agus seirbhís shármhaith atá dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar

Tá ráiteas straitéiseach ar leith ann don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Cé nach mbaineann an plean seo ach amháin le hOifig an Ombudsman agus le hOifig an Choimisinéara Faisnéise (a chuimsíonn Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil), is léir gurb ábhartha don fhoireann ar fad atá cuid mhór gnéithe den phlean seo, mar gheall ar an gcomhroinnt foirne ar fud na gceithre Oifig de réir na riachtanas agus na dtosaíochtaí atá ag gach ceann díobh. Sainaithníodh luachanna eagraíochta sa ráiteas freisin, faoi mar atá leagtha amach ar leathanach 6 den doiciméad seo.

# Pleanáil Gnó

Ceanglaítear ar gach réimse den Oifig Plean Gnó a tháirgeadh gach bliain. Leagtar amach sa Phlean Gnó sin na príomh-aschuir a sholáthrófar chun cuspóirí na bPleananna Straitéiseacha a bhaint amach. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta athbhreithniú ar na pleananna ar bhonn ráithiúil. Tugtar an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn do gach ball foirne go foirmiúil dhá uair sa bhliain.

# Tuarascálacha Bliantúla

Ullmhaíonn gach Oifig Tuarascálacha Bliantúla de réir na reachtaíochta cuí, tuarascálacha a leagtar os comhair Thithe an Oireachtais. Déantar athbhreithniú sna tuarascálacha ar an dul chun cinn gnó sa bhliain roimhe agus tugtar breac-chuntas iontu ar fhorbairtí agus éachtaí suntasacha de chuid na hOifige.

## An Scéim Teanga

Féachann gach rannóg den Oifig lena chinntiú go soláthraíonn siad seirbhís den scoth do chainteoirí Gaeilge. Chuige sin, tá Scéim Teanga (2016-2019) faoi théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 mar bhonn agus thaca ag an tseirbhís a sholáthraíonn Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Ombudsman.

## Socruithe Cumarsáide Inmheánaí

Tá dea-chumarsáid inmheánach ríthábhachtach maidir le hoibriú rathúil na hOifige agus maidir lena chinntiú go bhfuil spriocanna foirne ag teacht le haidhmeanna na heagraíochta. Is iad cuspóirí foriomlána na straitéise ná:

- Cultúr láidir cumarsáide a chothú san Oifig ach sreabhadh faisnéise a chruthú ar fud na heagraíochta
- Cultúr a fhorbairt ina bhfuil bainisteoirí agus baill foirne spreagtha agus cumasaithe chun cur leis an eagraíocht agus ina meastar cumarsáid agus comhroinnt eolais a bheith ina bhfreagracht chomhpháirteach

Agus na cuspóirí á gcomhlíonadh, cinnteofar:

1. Go bhfuil na baill foirne ar an eolas agus go sealbhaíonn siad an fhaisnéis a theastaíonn chun a bpost a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach
2. Go spreagtar na baill foirne a gcuid tuairimí agus údair imní a chur in iúl
3. Go bhfuil baint ghníomhach ag na baill foirne i bpleanáil agus i gcinnteoireacht
4. Go gcuirtear faisnéis ábhartha in iúl do na daoine cuí ar an mbealach cuí agus ag an am cuí
5. Go dtuigeann gach duine cuspóirí agus luachanna na hOifige agus go bhfuil siad páirteach ina cultúr. Tugtar tacaíocht ghníomhach agus dúshlán do na baill foirne a n-uaillmhianta féin agus uaillmhianta na hOifige a chomhlíonadh
6. Go gcruthaítear timpeallacht a chuimsíonn oscailteacht, ionracas, comhsheasmhacht agus cumarsáid shoiléir
7. Go gcoinnítear na baill foirne ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú san oifig, beag beann ar an áit a bhfuil siad (ríomhoibrithe, oibrithe páirtaimseartha agus oibrithe ar shaoire shínte)
8. Go bhfaigheann na baill foirne aiseolas ar a gcuid oibre agus go dtugtar aghaidh ar a riachtanais forbartha

9. Go bhfuil bealaí soiléire cumarsáide ann (lena n-áirítear inlíon, nuachtlitir, cruinnithe foirne)

D’fhonn tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do chumarsáid inmheánach láidir, cinntíonn an Oifig go gcoinnítear an fhoireann ar an eolas go hiomlán tríd an eolas is deireanaí a thabhairt ar bhonn rialta tríd an Inlíon. Chomh maith leis sin, cuireann sí an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn ar an bPlean Straitéiseach ar fáil don fhoireann dhá uair sa bhliain, táirgeann sí nuachtlitir foirne ráithiúil agus tá Coiste Comhpháirtíochta gníomhach aici. Chomh maith leis sin, glacann an Oifig páirt iomlán sa phróiseas um chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF), rud lena dtugtar tacaíocht do dhea-chumarsáid idir an fhoireann, bainisteoirí líne agus an lucht ardbhainistíochta. Leis an bpróiseas, soiléirítear saincheisteanna amhail spriocanna oibre agus an dul chun cinn atá déanta ar na spriocanna sin a bhaint amach agus cuirtear ar chumas na mball foirne riachtanais oiliúna a shainaithint.

## Caidreamh Geallsealbhóirí Seachtracha

Téann ár nOifig i dteagmháil réamhghníomhach le soláthraithe seirbhíse poiblí agus le gníomhaireachtaí seachtracha agus déanann sí a dícheall dea-chaidreamh oibre lenár ngeallsealbhóirí go léir a chothú. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le cumarsáid dhá bhealach d’fhonn dul chun cinn a dhéanamh ar ábhair thábhachtacha. Dáileann an Oifig ábhar treorach ar chomhlachtaí agus ar bhaill den phobal ar bhonn rialta. Chomh maith leis sin, táirgeann sí bileoga faisnéise mínitheacha maidir leis an ról atá aici in earnálacha éagsúla, amhail an Earnáil Sláinte agus an Earnáil Oideachais, mar aon le hábhar faisnéise ginearálta, mar shampla, ceisteanna coitianta faoi gach réimse oibre. Tá na doiciméid ar fáil ar ár suíomhanna Gréasáin agus dáiltear iad ar sholáthraithe seirbhíse ábhartha freisin.

<u>Oifig an Ombudsman</u>

Táirgeann Oifig an Ombudsman ‘Cásleabhar’ gach ráithe ina ndéantar achoimre ar thorthaí cáis. Is féidir leis a bheith ina uirlis foghlama / taighde do sholáthraithe seirbhíse poiblí freisin. Tá clár gníomhach For-rochtana aici freisin agus tá acmhainní leithdháilte aici ar Aonad tiomnaithe Cáilíochta, Caidreamh Geallsealbhóirí agus Cumarsáide a bhfuil an Ceann Cumarsáide i gceannas air.

Chomh maith leis sin, déanann an tOmbudsman teagmháil leis an gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus leis an Taoiseach i dtaca le Tuarascáil Bhliantúil an

Ombudsman, le saincheisteanna leanúnacha lena mbaineann mórthábhacht don Oifig agus lena fhís do thodhchaí Oifig an Ombudsman. Tá ról ag an Roghchoiste ábhartha, dá réir sin, ina chinntiú go ngníomhaítear de réir cháintí agus mholtaí an Ombudsman i dtaca le soláthraithe seirbhíse poiblí.

I gcás nach mbreithníonn an Roghchoiste ábhartha tuarascáil ón Ombudsman, nó cuid nó codanna di, laistigh de dhá mhí ón uair a leagadh an tuarascáil faoi bhráid ceachtar Teach den Oireachtas nó an dá Theach den Oireachtas, leanfaidh an Comhchoiste um Achainíocha Poiblí leis an tuarascáil ón Ombudsman nó aon chodanna di nár bhreithnigh an Roghchoiste ábhartha iad a bhreithniú.

Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Anuas ar na cinntí ar na hathbhreithnithe go léir a dhéanann sí a fhoilsiú ar a suíomh Gréasáin, foilsíonn Oifig an Choimisinéara Faisnéise nótaí treorach maidir le díolúintí Saoráil Faisnéise ionas go bhfuil geallsealbhóirí agus an lucht déanta cinntí eolach ar chur chuige an Choimisinéara. Foilsítear Lámhleabhair um Nósanna Imeachta ar na suíomhanna Gréasáin freisin. Is go rialta a chuireann imscrúdaitheoirí agus baill foirne eile le ceardlanna agus le himeachtaí oiliúna a reáchtálann comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí eile iad. Oibríonn Oifig an Choimisinéara Faisnéise leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar ábhair a bhaineann leis an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. Oibríonn Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar an gcóras um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus ar Choinbhinsiún Aarhus. Ina theannta sin, tugann Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil láithreoireachtaí d’imeachtaí oiliúna le haghaidh údaráis phoiblí agus do sheimineáir acadúla agus dhlíthiúla ar ról an Choimisinéara i Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Foilsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí treoirlínte reachtúla do dhaoine agus d’eagraíochtaí a bhfuil oibleagáidí orthu faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic), faoin Acht Toghcháin, 1997 (arna leasú), agus faoin reachtaíocht lena bhforáiltear don Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte.

Cuireann an Coimisiún seisiúin faisnéise ar fáil freisin do chomhaltaí Oireachtais, do chomhlachtaí poiblí, do pháirtithe polaitíochta, d’iarrthóirí agus do ghníomhairí toghcháin maidir leis na hoibleagáidí reachtúla atá orthu. Oibríonn an Coimisiún le Coistí Oireachtais ábhartha ar reachtaíocht

bheartaithe agus leis na Roghchoistí um Leasanna Comhaltaí arb ionann a bhfeidhmeanna den chuid is mó agus feidhmeanna an Choimisiúin faoi na hAchtanna um Eitic.

Is é an cur chuige atá glactha ag an gCoimisiún mar Rialálaí Brústocaireachta ná cabhrú le comhlíonadh an Achta um Brústocaireacht a Rialáil ach faisnéis agus treoir a thabhairt. De bhreis ar fhreagra a thabhairt ar líon ard ceisteanna ó gheallsealbhóirí, reáchtáil sé mórfheachtas fógraíochta náisiúnta chun tuiscint ar an Acht agus ar na hoibleagáidí a bhaineann leis a chur chun cinn. Lean sé le clár fairsing for-rochtana a reáchtáil sa bhliain 2017 ach cainteanna a thabhairt ag imeachtaí éagsúla ar fud na tíre agus seisiúin faisnéise tí oscailte a óstáil. Tugtar raon leathan ábhar treorach, ceisteanna coitianta agus físeáin faisnéise ar a shuíomh Gréasáin. Cuirtear in oiriúint iad do bhaill den phobal, do bhrústocairí agus do chomhlachtaí poiblí.

An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Foilsíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí tuarascálacha iniúchóireachta ar a shuíomh Gréasáin. Coimeádann sé cásleabhar freisin ina leagtar amach seasamh an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i dtaca leis na gearáin is coitianta a fhaigheann sé faoin dóigh a ndearnadh próisis earcaíochta agus roghnúcháin. Anuas air sin, tá tuarascálacha bliantúla, ráiteas straitéise agus ceisteanna coitianta an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ar fáil ar an suíomh Gréasáin.

Aithnímid gur athraíodh an dóigh ina n-idirghníomhaíonn ár gcuid custaiméirí leis an Oifig le feabhsuithe ar an teicneolaíocht agus gur acmhainn ríthábhachtach láithreach chumarsáide é an tIdirlíon faoi láthair. Déantar iarracht lenár dTionscnaimh Straitéiseacha leas a bhaint as agus is é an aidhm atá leo éifeachtúlacht ár ngníomhaíochtaí laethúla a fheabhsú, agus eispéireas ár gcustaiméirí le seirbhísí poiblí á shimpliú ag an am céanna. Tá ár suíomhanna Gréasáin ar an acmhainn is tábhachtaí faisnéise atá ar fáil don Oifig le haghaidh faisnéis faoinár róil éagsúla a thabhairt ar bhealach sorochtana do spriocphobal leathan éagsúil.

An Coimisiún Reifrinn

Eagraíonn an Coimisiún Reifrinn feachtas náisiúnta ilmheán le haghaidh gach reifrinn agus dáileann sé ar gach teach sa tír Treoir Neamhspleách maidir le gach reifreann ar leith. Tugann Cathaoirleach an Choimisiúin agallaimh theilifíse agus raidió ar gach reifreann, agus eolas á thabhairt aige do

vótálaithe ar ábhar gach reifrinn ar leith agus míniú á thabhairt aige ar ról an Choimisiúin. Foilsíonn sé ar a shuíomh Gréasáin an Treoir, inneachar meáin, a thuarascáil iar-reifrinn agus faisnéis eile atá bainteach leis an reifreann. Déileálann Rúnaíocht an Choimisiúin le ceisteanna (a chuirtear tríd an teileafón agus trí ríomhphost go príomha) ón bpobal faoi gach reifreann.

# 2. Róil an Lucht Ardbhainistíochta agus Sannadh Freagrachtaí

Gné ríthábhachtach de dhea-rialachas corparáideach is ea Foireann Bhainistíochta éifeachtach, foireann arb ionann a ról agus spriocanna agus cuspóirí a shocrú, straitéis a fhorbairt agus beartais a bhunú lena gcuirfear ar chumas na hOifige a cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh go rathúil agus feidhmíocht láidir a choinneáil.

## Ról an Ombudsman agus an Choimisinéara Faisnéise / an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

Is é an tUachtarán, ar ainmniú an Oireachtais, a cheapann an tOmbudsman agus an Coimisinéir Faisnéise (an t-aon duine amháin faoi láthair) ar chonradh ar théarma seasta. Tá sé ina chomhalta den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus den Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Tá sé ina chomhalta den Choimisiún Reifrinn freisin, agus é ar bun. Is neamhspleách atá an tOmbudsman agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna.

### An tOmbudsman

Is é ról príomha an Ombudsman ná gearáin faoi ghníomhartha riaracháin soláthraithe seirbhíse poiblí a scrúdú agus a chinneadh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go raibh míriarachán agus drochthionchar mar thoradh ar na gníomhartha. Féachann sé freisin le feabhsuithe sa tseirbhís phoiblí leathan a bhrú chun cinn. De ghnáth, cuirtear tús le himscrúduithe mar thoradh ar ghearán. Mar sin féin, tá an chumhacht ag an Ombudsman imscrúduithe féintionscnaimh a dhéanamh gan gearán sonrach a bheith faighte aige freisin. De bhreis ar a chinntiú gur féidir aghaidh a thabhairt ar threochtaí i míriarachán ar fud earnáil ar leith in aon imscrúdú amháin, cuireann imscrúduithe féintionscnaimh ar chumas an Ombudsman aird an phobail a tharraingt ar ábhair lena mbaineann leas mór pobail.

Déanfaidh an tOmbudsman cinneadh tar éis dó gearán faoi sholáthraí seirbhíse poiblí a imscrúdú. Má sheastar leis an ngearán, féadfaidh an tOmbudsman moladh a dhéanamh don soláthraí seirbhíse poiblí sin atá dírithe ar an míriarachán a tharla a cheartú. Féadfaidh an tOmbudsman an moladh sin

a dhéanamh do sholáthraithe eile seirbhíse poiblí freisin má mheasann sé go mbeadh sé ina bhuntáiste dóibh dá ngníomhódh siad dá réir.

Déanann an tOmbudsman teagmháil leis an Roghchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus leis an Taoiseach i dtaca le Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman. Roghchoistí a dhéanann maoirseacht ar an earnáil ábhartha, tá ról acu ina chinntiú go ngníomhaítear de réir cháintí agus mholtaí an Ombudsman i dtaca le soláthraithe seirbhíse poiblí i leith tuarascálacha imscrúdaithe a bhaineann lena n-earnáil. I gcás nach mbreithníonn an Roghchoiste ábhartha tuarascáil ón Ombudsman, nó cuid nó codanna di, laistigh de dhá mhí ón uair a leagadh an tuarascáil faoi bhráid ceachtar Teach den Oireachtas nó an dá Theach den Oireachtas, leanfaidh an Comhchoiste um Achainíocha Poiblí leis an tuarascáil ón Ombudsman nó aon chodanna di nár bhreithnigh an Roghchoiste ábhartha iad a bhreithniú.

Scrúdaíonn an tOmbudsman gearáin faoin Acht um Míchumas 2005 freisin. Cuirtear dualgais shuntasacha ar sholáthraithe seirbhíse poiblí leis an Acht oibriú go réamhghníomhach ar son cáilíocht beatha a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas. Is féidir gearán a dhéanamh chuig an Ombudsman maidir le cliseadh comhlachta phoiblí cloí le Cuid 3 den Acht um Míchumas. Go sonrach, féadfaidh an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine faoi mhíchumas faoi rochtain ar fhoirgnimh phoiblí, ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis.

## An Coimisinéir Faisnéise / An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Is neamhspleách atá an Coimisinéir Faisnéise freisin agus é ag comhlíonadh a chuid dualgas. Breitheanna ceangailteacha iad breitheanna an Choimisinéara Faisnéise agus ní fhéadfar achomharc a dhéanamh ina n-aghaidh ach chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí. Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, tugtar cumhachtaí suntasacha don Choimisinéir lena ligtear dó comhlíonadh a dhéanamh ar an bhfeidhm atá aige maidir le breitheanna a thugann na comhlachtaí faoina shainchúram a bhreithniú. Má mheasann sé breith a bheith míchuí, féadfaidh sé a éileamh, faoi alt 23, go dtabharfaí breith nua.

Chomh maith leis sin, féadfaidh an Coimisinéir éileamh ar aon duine a measann sé go bhfuil faisnéis aige atá ábhartha do chás nó d’imscrúdú an fhaisnéis sin a chur ar fáil don Oifig faoi alt 45. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisinéir éileamh ar an duine teacht os a chomhair chun an fhaisnéis a chur i láthair. Is ceadmhach dó dul isteach in aon áitreabh a bhfuil comhlacht faoina shainchúram

lonnaithe ann agus éileamh ar aon duine a fheiceann sé san áit doiciméid a chur ar fáil dó. Féadfaidh sé na doiciméid a chóipeáil agus a choinneáil ar feadh tréimhse réasúnach.

Is ciontach i gcion atá aon duine a chuireann bac leis an gCoimisinéir le linn dó a athbhreithniú a dhéanamh nó a fheidhmeanna imscrúdaithe a chomhlíonadh agus, de réir alt 45, féadfar fíneáil a ghearradh air nó féadfar é a phríosúnú ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí.

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil leis na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, 2007. Is é ról an Choimisinéara breith a thabhairt ar achomhairc ó dhaoine den phobal nach bhfuil sásta leis an toradh ar a n-iarraidh ar údaráis phoiblí faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil.

Rud sonrach, foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh an Coimisinéir athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna ó údaráis phoiblí agus, de réir an dlí, féadfaidh an Coimisinéir breitheanna ceangailteacha a thabhairt maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.

## Ról an Ard-Stiúrthóra / an Oifigigh Chuntasaíochta

Tá an tArd-Stiúrthóir ar an Oifigeach Cuntasaíochta agus ina bhall den Státseirbhís. Tá freagracht bainistíocht líne uirthi as an bhfoireann ar fad san Oifig. Oibríonn foireann bhainistíochta oifigeach ag leibhéal an Phríomhoifigigh mar Chinn Aonaid Ghnó.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá freagracht phearsanta uirthi as cosaint na gcistí poiblí agus na maoine faoina rialú; as rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart go léir i ngach Cuntas Leithreasa a bhfuil a shíniú orthu; agus as éifeachtúlacht agus barainneacht an riaracháin ina hOifig. Is gnách go gceaptar Ceann Státseirbhíse na hOifige a riarann an Vóta mar Oifigeach Cuntasaíochta ar an mbonn go bhfuil sé ar an aon duine amháin ar féidir leis freagracht a chomhlíonadh as an airgead a chuirtear de chúram ar an Oifig, as an úsáid a bhaintear as a cuid acmhainní agus as na sócmhainní ina seilbh a rialú, amhail talamh, foirgnimh, stórtha, trealamh nó maoin eile.

Anuas ar an méid thuas, cé go bhféadann sí, ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta, socruithe a chur i bhfeidhm chun gnéithe de na hoibleagáidí rialachais seo a leanas a éascú, ní fhéadann sí cuntasacht a tharmligean chuig fo-oifigigh. Is mar seo a leanas atá na hoibleagáidí sin:

- Cuntais Leithreasa a ullmhú agus a chur i láthair
- A bheith ar an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19
- Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i dteannta an Chuntais Leithreasa Bhliantúil
- Teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí
- Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí a chur i bhfeidhm
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chur ar bun
- Dámhachtain mórchonarthaí a cheadú

Tagann an tOifigeach Cuntasaíochta os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí chun déileáil le saincheisteanna a eascraíonn as tuarascálacha ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hábhair eile a bhaineann le gníomhaíochtaí na hOifige ar mian leis an gCoiste iad a phlé.

# 3. An Fhoireann Bhainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile

## An Fhoireann Bhainistíochta

Is éard atá san Fhoireann Bhainistíochta ná fóram feidhmiúcháin agus comhairleach lena dtugtar an tOmbudsman agus an Coimisinéir Faisnéise, an tArd-Stiúrthóir agus Cinn na nAonad Gnó le chéile chun dul i mbun comhair ar son cheannaireacht agus bhainistíocht na nOifigí éagsúla. Freastalaíonn an Fhoireann Bhainistíochta ar fhreagrachtaí Oifige aonair a cuid ball agus ar a freagracht chorparáideach mar Fhoireann Ardbhainistíochta araon ach freagracht chomhoibritheach a ghlacadh as saincheisteanna traseagraíochta. Is é sainchúram na Foirne Bainistíochta ná oibríochtaí a mhaoirsiú agus pleananna straitéiseacha a chomhlíonadh do gach ceann de na hOifigí. Tá sonraí níos mine faoina ról leagtha amach thíos.

## Na Comhaltaí

Cuimsíonn an Fhoireann Bhainistíochta (féach an Struchtúr Eagrúcháin, leathanach 8 agus Aguisín 1) an tOmbudsman, an tArd-Stiúrthóir agus Príomhoifigigh ar a bhfuil freagracht as Seirbhísí Corparáideacha, TFC, Cúrsaí Dlí, Cáilíocht, Caidreamh Geallsealbhóirí agus Cumarsáid, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil, an tOmbudsman, an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus an Coimisiún Reifrinn, agus é ar bun.

## Róil na Foirne Bainistíochta

Is iad seo na freagrachtaí sonracha atá ar an bhFoireann:

- Tacú le Pleananna Straitéiseacha agus Pleananna Gnó a fhorbairt agus a sholáthar
- Ord tosaíochta ghníomhaíochtaí na hOifige a chomhaontú chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní

- Feidhmíocht airgeadais agus gníomhaíochta a mheas i gcomparáid le príomh-aschuir chomhaontaithe / spriocanna comhaontaithe chun éifeachtacht na rialuithe airgeadais agus bainistíochta a chinntiú
- Bagairtí agus deiseanna sa timpeallacht rioscaí a aithint go réamhghníomhach, rioscaí atá ann cheana a athbhreithniú agus a bhainistiú agus a chinntiú go nuashonraítear an clár rioscaí dá réir
- Bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na beartais agus na nósanna imeachta san Oifig
- Na himpleachtaí a bheidh ag moltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhreithniú agus a chinntiú go ndéantar bearta cuí
- A chinntiú go soláthraítear an t-aschur agus an éifeachtacht is fearr is féidir le tionscadail na hOifige ach acmhainní a leithdháileadh go cuí
- Nuálaíocht a spreagadh agus a chur chun cinn ar fud gníomhaíochtaí Oifige
- Oibriú éifeachtach mar fhoireann a chothú ar fud raon feidhmeanna Oifige chun an éifeachtúlacht agus an éifeachtacht is fearr is féidir a chinntiú
- Modhanna oibre agus iompar a léiríonn bunluachanna na hOifige a chur chun cinn

## Cruinnithe

Cuirtear cruinnithe ar siúl gach mí, gan mí Lúnasa a áireamh. Níl aon chóram socraithe i bhfeidhm maidir le cruinnithe na Foirne Bainistíochta. Ní dócha go leanfar leo má tá níos lú ná cúigear comhaltaí i láthair, áfach. Socraítear dátaí na gcruinnithe i mí Eanáir agus ní mór do chomhaltaí a ndícheall a dhéanamh freastal ar gach cruinniú.

Is mar seo a leanas atá na bunmhíreanna le haghaidh an chláir oibre:

- Athbhreithniú ar ghníomhartha ón gcruinniú deireanach de chuid na Foirne Bainistíochta
- Tuairiscí gnó chun dáta ó gach Oifig
- Tuairisc Airgeadais mhíosúil
- Tuairiscí ar fheidhmíocht an Phlean Gnó
- Tuairiscí ráithiúla ar Chlár Rioscaí na hOifige
- Príomhtheachtaireachtaí / achoimre don fhoireann

Cuirtear míreanna breise leis an gclár oibre de réir mar is cuí.

## Tuairisciú

Déantar cinntí agus eochairphointí a ardaítear le linn cruinnithe a thaifeadadh go foirmiúil. Scaiptear príomhtheachtaireachtaí ón gcruinniú ar an bhfoireann ar fad díreach tar éis an chruinnithe agus scaiptear miontuairiscí iomlána ar an bhfoireann ar fad tar éis iad a chomhaontú. Chomh maith leis sin, tugann baill den Fhoireann Bhainistíochta an t-eolas is deireanaí dá bhfoireann ag cruinnithe foirne. Cuirtear ar siúl iad a luaithe is indéanta tar éis an chruinnithe.

## Coistí

Tá an Fhoireann Bhainistíochta freagrach as gníomhaíochtaí gnó na hOifige a mhaoirsiú agus as pleananna straitéiseacha a sholáthar. Mar sin féin, tá sé riachtanach freagracht as tascanna nó tionscadail ar leith a tharmligean chuig coistí Oifige. Tugann na coistí sin tuairisc ar an dul chun cinn don Fhoireann Bhainistíochta. Tá sonraí achoimre faoi phríomhchoistí na hOifige leagtha amach thíos.

### An Coiste Comhpháirtíochta

Imríonn an Coiste Comhpháirtíochta ról ríthábhachtach i bhforbairt an phróisis chomhpháirtíochta idir foireann na hOifige, ionadaithe ceardchumainn agus an lucht bainistíochta trí theagmháil éifeachtach idir na páirtithe éagsúla a éascú. Is é ról an Choiste, agus aird chuí á tabhairt ar leasanna na hOifige agus a foirne, ná cabhrú leis an bhfoireann a dtuairimí faoi ábhair Oifige a chur in iúl, cabhrú le hathruithe a chur chun feidhme agus, nuair is cuí, meicníochtaí caidrimh thionsclaíoch atá ann cheana a chomhlánú.

Cuimsíonn comhaltas an Choiste an tArd-Stiúrthóir, beirt ionadaithe ón bhFoireann Ardbhainistíochta, ionadaí ó gach ceann de na trí Cheardchumann agus ceathrar ionadaithe foirne. Post ainmnithe is ea an ról mar Rúnaí. Athbhreithnítear é gach dhá bhliain. Aistrítear an ról mar Chathaoirleach gach dhá chruinniú.

Cuirtear cruinnithe ar siúl ar bhonn ráithiúil. Tá freagracht ar ionadaithe ceardchumainn agus ionadaithe foirne as clár oibre an Choiste a eisiúint roimh chruinnithe chuig na baill foirne a ndéanann siad ionadaíocht dóibh agus as aon tuairimí nó saincheisteanna faoi mhíreanna lena bplé faoin 'bhfóram oscailte' a iarraidh. Ní mór d'ionadaithe ceardchumainn agus d'ionadaithe foirne a chinntiú freisin go gcuirtear miontuairiscí an chruinnithe in iúl go héifeachtach do na baill foirne sin a luaithe a eisítear na miontuairiscí agus laistigh de dhá lá tar éis an chruinnithe.

### An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta

Is ar an Ard-Stiúrthóir atá an fhreagracht fhoriomlán as beartas éifeachtach um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair a chur ar bun agus a choinneáil ar bun. Faigheann sí tacaíocht ina leith sin ón Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta (an Ceann Seirbhísí Corparáideacha agus TFC) agus ón gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta. Is é príomhról an Choiste ná comhairle a chur ar an lucht bainistíochta agus ar an bhfoireann faoi ábhair a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht agus cabhrú leo ina leith. Reáchtáiltear cruinnithe ceithre huaire sa bhliain (nó níos minice fós i gcás ina dtagann éigeandáil a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht aníos). Is iad baill foirne na n-aonad gnó na comhaltaí den Choiste, a roghnaíonn a n-ionadaithe Sláinte agus Sábháilteachta agus féadfar ionadaí ceardchumainn comhaontaithe amháin a chur ar áireamh ann freisin.

Is iad príomhfheidhmeanna an Choiste ná:

- Gníomhú mar bhealach inar féidir leis an lucht bainistíochta agus na fostaithe faisnéis a mhalartú go rúnda lena chéile i dtaca le hábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas
- Tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta
- Moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh ar ábhair ghinearálta a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus leas
- Moltaí a dhéanamh ar leasuithe ar an Ráiteas Sábháilteachta
- Staitisticí timpiste/teagmhais a athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh
- Modhanna inar féidir sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn san Oifig a bhreithniú

### An Fhoireann um Measúnacht Cáilíochta

Tá foireann thiomnaithe um Measúnacht Cáilíochta i bhfeidhm ag Oifig an Ombudsman. Déanann an fhoireann cásanna i dtaca le gearáin a fhaightear faoin Acht Ombudsman, 1980 (arna leasú), a

athbhreithniú le hais caighdeáin shocraithe cháilíochta. Tacaíonn obair na foirne leis an dara Cuspóir Straitéiseach ón Oifig don tréimhse 2016 - 2018 i dtaca le 'Díriú ar Chustaiméirí' i.e. féachaimid le sármhaitheas a bhaint amach i soláthar ár seirbhísí ach caighdeáin shainithe cháilíochta a chomhlíonadh agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht chun a chinntiú go mbíonn an custaiméir ag croílár de gach a ndéanaimid. Freastalaíonn an tArd-Stiúrthóir nó duine amháin d'Imscrúdaitheoirí Sinsearacha Oifig an Ombudsman ar gach cruinniú.

Cuimsíonn an fhoireann Imscrúdaitheoirí Sinsearacha agus cásoibrithe ag leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus an Imscrúdaitheora. Reáchtáiltear cruinnithe ar bhonn míosúil. Déanann an fhoireann sainaithint agus moladh ar réitigh ar shaincheisteanna próisis a thagann as an bpróiseas iniúchóireachta cáilíochta d'fhonn an tseirbhís a chuireann an Oifig ar fáil don phobal a fheabhsú de shíor.

### An Bord Tionscadail

Sa bhliain 2015, rinne an Oifig grinn-athbhreithniú ar a bonneagar agus a córais TF agus shainaithin sí réimsí ar féidir feabhsuithe suntasacha a chur orthu chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta. Ghabh an Oifig uirthi féin córais nua chásbhainistíochta agus doiciméadbhainistíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, rud lena dtacófar le seirbhís éifeachtach éifeachtúil a sholáthar.

Cuireadh an córas doiciméadbhainistíochta i bhfeidhm sa bhliain 2017 agus tá an córas cásbhainistíochta le cur i bhfeidhm an tionscadail sin a chur i gcrích sa bhliain 2018. Forbraíodh córas bainistíochta inneachair nua lena n-áireofar suíomhanna Gréasáin nua, tairseach ar líne agus saoráid inlín. Leis an gcóras sin, déanfar simpliú agus méadú ar na roghanna atá ar fáil dár ngeallsealbhóirí go léir le haghaidh teagmháil a dhéanamh leis an Oifig.

Tugadh isteach bonneagar agus crua-earraí ábhartha TF chun tacú leis na córais nua. Rinneadh cleachtaí riachtanais ghnó, ailínithe straitéisigh agus anailís riosca le linn na céime pleanála tionscadail. Athbhreithníodh pleananna Leanúnachais Ghnó freisin chun na córais nua a chur ar áireamh.

Is é Bord Tionscadail a mhaoirsíonn an tionscadal. Cuimsíonn an Bord an tOmbudsman/an Coimisinéir Faisnéise, an tArd-Stiúrthóir agus comhaltaí na Foirne Bainistíochta. Tagann an Bord le chéile gach mí agus tá freagracht air as gach cinneadh tábhachtach a cheadú. Cuimsíonn an Fhoireann

Ceannaireachta Tionscadail baill foirne shinsearacha agus Bainisteoir Tionscadail tiomnaithe, duine ar sannadh an ról dó ar bhonn lánaimseartha de bharr chastacht na ngnéithe éagsúla den tionscadal. Tá an Fhoireann Tionscadail comhdhéanta den Fhoireann Ceannaireachta agus de bhaill foirne ó na haonaid ghnó éagsúla san Oifig. Reáchtálann an Fhoireann Tionscadail cruinnithe de réir mar is gá.

### An Grúpa Athbhreithnithe Oibríochtaí

Is é cuspóir an Ghrúpa Athbhreithnithe Oibríochtaí breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí oibríochtúla Oifig an Ombudsman ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtach Chuspóirí Straitéiseacha na hOifige a éascú, mar aon le maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht athraithe san eagraíocht.

Tá an Grúpa comhdhéanta díobh seo a leanas: an tArd-Stiúrthóir (Cathaoirleach), Cinn an Aonaid Scrúduithe, Ceann an Aonaid Mheasúnachta, agus Ceann an Aonaid Fiosruithe. Freastalaíonn an Ceann Seirbhísí Corparáideacha agus an Ceann Teicneolaíocht Faisnéise ar chruinnithe freisin de réir mar a éilítear sa chlár oibre nó de bharr míreanna atá ar an Loga Gealltanas. Freastalaíonn an Ceann Cáilíochta, Caidreamh Geallsealbhóirí agus Cumarsáide ar chruinnithe de réir mar a éilítear sa chlár oibre nó sa Loga Gealltanas freisin, ach soláthraíonn sé aiseolas don Ghrúpa chomh maith maidir le caighdeáin chásoibre tar éis an chruinnithe mhíosúil maidir le Measúnacht Cáilíochta. D'fhéadfadh go dtabharfaí cuireadh do bhaill foirne eile freastal ar chruinnithe maidir le hábhair a bhaineann lena róil agus lena bhfreagrachtaí.

Reáchtáiltear cruinnithe ar bhonn míosúil. Mar sin féin, féadfaidh comhaltaí cruinnithe breise a thionól nuair a mheasann siad go bhfuil gá leo. Is leagtha amach thíos atá na míreanna a bhíonn ar an gclár oibre go minic:

- Athbhreithniú ar an Loga Gealltanas – Tugtar sa loga taifead ar ghníomhartha arna ngealladh, ar úinéirí na ngníomhartha, ar na hacmhainní arna leithdháileadh ar na gníomhartha, agus ar an dul chun cinn arna dhéanamh ar na gníomhartha. Is é an tÉascaitheoir a choinníonn an loga.
- Staitisticí Cásoibre – Athbhreithnítear figiúirí faoi chásanna neamhbhailí agus bailí agus faoi na hagaí próiseála gaolmhara chun treochtaí a shainaithint, tréchur a anailísiú agus cinnteoireacht éifeachtach agus leithdháileadh acmhainní a éascú.

- An Tuarascáil Mhíosúil ar Cháilíocht – Tá foireann thiomnaithe i bhfeidhm ag Oifig an Ombudsman a athbhreithníonn cásanna le hais caighdeáin shocraithe cháilíochta. Tugann Ceann an Aonaid Cháilíochta, Caidreamh Geallsealbhóirí agus Cumarsáide an t-eolas is deireanaí don Ghrúpa tar éis chruinniú míosúil na foirne um Measúnacht Cáilíochta.

### Coistí Eile

Ag brath ar riachtanais ghnó, cuirtear coistí/meithleacha eile ar bun e.g. meitheal a dhéanann athbhreithniú ar na ceanglais atá orainn faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

# 4. Socruithe Iniúchóireachta, Riosca, Dearbhaithe agus Comhlíonta

## An tOifigeach Cuntasaíochta – Freagrachtaí Iniúchóireachta agus Riosca

Tá freagrachtaí sonracha ar an Oifigeach Cuntasaíochta as an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. De réir Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus Caighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí, déanann sí na nithe seo a leanas:

- ceadaíonn sí Cairt scríofa an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí
- cinntíonn sí neamhspleáchas an Aonaid
- comhaontaíonn sí an sceideal beartaithe oibre don Aonad leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
- déanann sí athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí chun a chinntiú go mbíonn dearbhú den cháilíocht inmhianaithe á dhéanamh uirthi
- cinntíonn sí go ndéantar gníomh leantach cuí ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh
- cinntíonn sí go mbíonn clár um oiliúint agus forbairt foirne i bhfeidhm do bhaill foirne atá páirteach san fheidhm iniúchóireachta inmheánaí, agus
- cuireann sí Coistí Iniúchóireachta agus Riosca a bhfuil sách acmhainní acu ar bun.

## Ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca mar chuid de thimpeallacht rialaithe na hOifige. Tá sé freagrach as comhairle neamhspleách a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir lena oiriúnaí agus lena láidre atá córais agus nósanna imeachta na hOifige um rialú inmheánach, lena n-áirítear oibríochtaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí agus forbairt na feidhme sin, an timpeallacht um rialú gnó agus bainistíocht riosca agus an caidreamh leis an bhfeidhm iniúchóireachta seachtraí. Is é an tOifigeach Cuntasaíochta a cheapann na comhaltaí den Choiste, atá comhdhéanta díobh seo a leanas: Cathaoirleach Neamhspleách, oifigeach amháin ón Oifig agus beirt ionadaithe sheachtracha ó oifigí eile sa tseirbhís phoiblí. Cé nach comhaltaí den Choiste iad, féadfaidh Ceann an Aonaid

Airgeadais agus an tIniúchóir Inmheánach freastal ar chruinnithe de chuid an Choiste. Féadfaidh Iniúchóir Seachtrach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca freastal ar chruinnithe de chuid an Choiste freisin.

Níl freagracht ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca as aon fheidhm feidhmiúcháin agus níl aon chumhacht feidhmiúcháin dílsithe dó. Is iad an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chomhaontaíonn Cairt an Choiste. Is neamhspleách atá an Coiste agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna.

Tá údarás aige aon fhaisnéis nó aon doiciméid a iarraidh a bhaineann le cúrsaí a thagann faoina théarmaí tagartha. Déantar tuarascáil bhliantúil ina gcaitear súil siar ar oibríochtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a ullmhú don Oifigeach Cuntasaíochta agus cuirtear í isteach laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na bliana. Áirítear na nithe seo a leanas sa tuarascáil:

- measúnacht ar an obair a rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
- na tacaí a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- féinmheasúnacht ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar a éifeachtacht féin
- deimhniú go ndearnadh athbhreithniú ar an gcairt scríofa de réir na minicíochta a chomhaontaigh an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Cathaoirleach

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca gníomh leantach ar aon mholtaí ón Oifigeach Cuntasaíochta a thagann as an tuarascáil seo nó a thagann chun cinn le linn idirghníomhaíochtaí eile.

## Ról an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí

Is é ról an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta ar a leordhóthanaí agus ar a éifeachtaí atá na nithe seo a leanas:

- córas na hOifige um rialuithe inmheánacha,
- córas na hOifige um bainistíocht riosca, agus
- socruithe rialachais na hOifige.

Tá ról ag an Aonad freisin maidir le dearbhú a thabhairt gur i bhfeidhm ag an Oifig a bhíonn córais agus nósanna imeachta lena gcomhlíontar na freagrachtaí Luach ar Airgead atá uirthi. Cuimsíonn gníomhaíocht an Aonaid líonra iomlán chórais na hOifige. Nuair is gá, féadfaidh an tAonad gníomhú

i gcáil chomhairleach do thionscadail atá á bhforbairt freisin chun a leordhóthánaí atá bearta rialaithe na dtionscadal a chinntiú. Tugann an tAonad faoina chuid oibre de réir na gCaighdeán Náisiúnta um Chleachtadh Gairmiúil Iniúchóireachta Inmheánaí (na Caighdeáin ó Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha), de réir treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus de réir an Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (Nollaig 2015).

Tugann Ceann an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí tuairisc rialta don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir leis an bPlean Bliantúil um Obair Iniúchóireachta agus de réir mar a iarrann an tOifigeach Cuntasaíochta / an Coiste Cuntasaíochta air déanamh amhlaidh. Labhraíonn an Ceann go díreach leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag a chuid cruinnithe.

Labhraíonn sé le Comhaltaí den Choiste idir cruinnithe de réir mar is cuí. Oibríonn Ceann an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí faoi threoir ghinearálta an Oifigigh Chuntasaíochta, duine ar a mbíonn rochtain dhíreach aige. I gcomhar leis an Oifigeach Cuntasaíochta agus Riosca, is é an Coiste Iniúchóireachta a cheapann an Plean Iniúchóireachta bliantúil rollach agus a dhéanann athbhreithniú agus faireachán air. Bíonn an Plean sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana. Is é an t-iniúchóir inmheánach a ullmhaíonn an dréachtphlean, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na nithe seo a leanas:

- Próiseas Bainistíochta Riosca agus Clár Rioscaí na hOifige
- ionchur ó bhainisteoirí na hOifige
- tuairimí ón Oifigeach Cuntasaíochta, ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca nó ón Iniúchóir Seachtrach
- saincheisteanna tráthúla eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham

## Iniúchóirí Seachtracha

Fostaíonn an Oifig seirbhísí iniúchóireachta seachtraí chun tuairim neamhspleách a fháil ar a leordhóthanaí atá a rialuithe agus a córais inmheánacha agus ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis na rialuithe agus na córais sin. Is í Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá freagrach as an iniúchadh bliantúil a dhéanamh ar chuntais na hOifige faoi Vóta 19.

## Ról an Aonaid Airgeadais

Is é ról an Aonaid Airgeadais bainistiú foriomlán a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais na hOifige. Tá na nithe seo a leanas i measc na bpríomhghnéithe den ról sin:

- buiséid a idirbheartú agus a chomhordú maidir le costais riaracháin na hOifige
- gach íocaíocht agus gach fáltas a thaifeadadh de réir Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí
- faireachán agus anailís a dhéanamh ar chaiteachas in aghaidh buiséid chomhaontaithe agus tuairisc a thabhairt air don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Fhoireann Bhainistíochta de réir mar is gá
- cuntais a ullmhú ag deireadh gach bliana airgeadais dá n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- speansais arna dtabhú ag baill foirne agus iad i mbun gnó oifigiúil a aisíoc leo
- faisnéis faoi airgeadas na hOifige a chur ar fáil don Fhoireann Bhainistíochta agus do bhainisteoirí líne ar bhonn rialta
- seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chliaint inmheánacha agus do chliaint sheachtracha araon agus é ag déileáil le ceisteanna, agus treoir agus comhairle á dtabhairt aige nuair is gá

Mar chuid de Chlár Oibre Athchóirithe an Rialtais, tá Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais nua á chur ar bun. Leis sin, soláthrófar córas bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais do 48 n-eagraíocht Rialtais. Mar sin féin, ní bheidh aon athrú ann, tríd is tríd, ar ról an Aonaid Airgeadais atá leagtha amach anseo.

Tá Oifig an Ombudsman ar áireamh i mBabhta 1 den tionscadal, atá le tosú i mí Mheán Fómhair 2019. Beidh an tionscadal measartha trom ó thaobh ullmhúcháin de mar go bhfuil an córas nua fíordhifriúil leis an tsamhail reatha. Mar thoradh air sin, tá an tAonad Airgeadais i mbun teagmhála leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an trasdul chuig an gcóras nua.

## Bainistíocht Riosca

Is le beartas Bainistíochta Riosca na hOifige a sholáthraítear na meicníochtaí a theastaíonn chun rioscaí corparáideacha a shainaithint, a rangú agus a chur in ord tosaíochta agus chun a chinntiú go gcuirtear bearta maolaithe cuí chun feidhme chun dul i ngleic leis na rioscaí sin. Is ar an bhFoireann Bhainistíochta atá an phríomhfhreagracht as rioscaí corparáideacha a shainaithint. Tá comhaltaí den Fhoireann Bhainistíochta i riocht maith chun rioscaí corparáideacha a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh orthu. Tá ról ag grúpaí eile laistigh den Oifig (e.g. an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an tAonad Seirbhísí Corparáideacha, an Grúpa Athbhreithnithe Oibríochtaí) maidir le cur leis an bpróiseas bainistíochta riosca.

Is ar an Ard-Stiúrthóir atá an fhreagracht fhoriomlán as an bpróiseas riosca a bhainistiú. Coinníonn an Oifig Clár Rioscaí ar bun, rud a ndéanann an Fhoireann Bhainistíochta nuashonrú agus

athbhreithniú iomlán air dhá uair sa bhliain. Ullmhaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Tuarascáil Riosca ar bhonn ráithiúil freisin. Sainaithnítear sa tuarascáil sin aon athruithe ar an gClár Rioscaí agus déantar achoimre inti ar théamaí riosca a tháinig chun cinn le linn na ráithe i gceist. Gabhtar leis an gClár aon teagmhais riosca a tharlaíonn, rudaí is féidir a nascadh ansin le hiontrálacha riosca nua nó le cinn atá ann cheana féin. Leis an gClár, cumasaítear d'úsáideoirí tuarascálacha a ullmhú ina liostaítear na rioscaí a bhfuil freagracht orthu as iad a bhainistiú, an chúis leis na rioscaí sin agus an tionchar atá acu, na bearta maolaithe atá i bhfeidhm cheana nó atá le déanamh, agus an tréimhse ama do chur chun feidhme na mbeart maolaithe sin.

Bíonn cleachtadh measúnachta riosca i gceist le gach togra do thionscadail nua agus déanann Ceannaire an Tionscadail agus/nó an Fhoireann Bhainistíochta breithniú air nuair is gá. Cuirtear na rioscaí nua sin leis an gClár Rioscaí ar bhonn leanúnach.

Ullmhaítear ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gach bliain don ráiteas cuntas leithreasa. Tá sé sin ag teacht leis na socruithe Rialachais. Tugann an Fhoireann Bhainistíochta chun críche é ag cruinniú na Foirne Bainistíochta, a chuirtear ar siúl go luath i mí Feabhra de ghnáth.

## Soláthar Poiblí

Ceann de na príomhchuspóirí atá le Beartas Soláthair na hOifige is ea a chinntiú go mbainistítear ár ngníomhaíochtaí soláthair ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus go gcloítear leis na leibhéil is airde chomhlíonta, ionracais agus feasachta riosca lena linn. Is gá d'údaráis chonarthacha bheith cost-éifeachtúil agus éifeachtúil nuair a bhíonn acmhainní á n-úsáid acu agus is gá dóibh na caighdeáin is airde ionracais agus mhacántachta a choinneáil ag an am céanna. Tá cleachtais soláthair faoi réir iniúchadh agus grinnscrúdú faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, agus tá Oifigigh Chuntasaíochta cuntasach go poiblí as caiteachas arna thabhú.

Tá an Oifig seo tiomanta dá chinntiú go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Tá an Beartas Soláthair ag teacht leis na Treoirlínte Soláthair Phoiblí arna bhfoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus ainmnítear an Ceann Seirbhísí Corparáideacha mar Oifigeach Soláthair don Oifig ann.

Is ar an Aonad Airgeadais atá an fhreagracht fhoriomlán as tacaíocht a thabhairt don fheidhm soláthair san Oifig. Tá an tAonad sin freagrach freisin as a chinntiú go mbainfear amach na príomhghníomhartha atá sainaitheanta sa phlean. Cé go bhfuil dualgas ar gach ball foirne atá páirteach go díreach in earraí agus i seirbhísí a sholáthar a chinntiú go mbíonn gach ceannachán ag teacht le haidhmeanna straitéiseacha foriomlána na hOifige, déanfaidh an tAonad Airgeadais faireachán ar gach ceannachán suntasach (lena mbaineann luach os cionn €10,000) chun a chinneadh cé acu a bhíonn siad nó nach mbíonn siad ag déanamh amhlaidh.

Cé go bhfuil sé cuí freagracht as earraí agus as seirbhísí áirithe a cheannach a leagan ar bhaill foirne a bhfuil an saineolas ábhartha riachtanach acu chun a chinntiú conas a d'fhéadfaí freastal ar an éileamh ar an mbealach is fearr, tá sé tábhachtach go bhfuil na baill foirne sin sách oilte chun an cleachtas soláthair is fearr a bhaint amach. Mar sin, cuireann an tAonad Airgeadais comhairle agus treoir phraiticiúil maidir le soláthar ar fáil nuair is gá. Cinntíonn an tAonad go mbíonn gach ball foirne atá páirteach san fheidhm soláthair ar an eolas faoi bheartas soláthair inmheánaigh na hOifige agus go gcoinnítear iad ar an eolas faoin dea-chleachtas soláthair.

Le creat-chomhaontuithe soláthair, soláthraítear d'éifeachtúlachtaí a bhaint amach sa phróiseas soláthair agus, ag an am céanna, do luach ar airgead a bhaint amach bunaithe ar thairiscintí iomaíocha. De réir fhorálacha Chiorclán 06/12 (Soláthar Poiblí (Creat-Chomhaontuithe) agus Chiorclán 16/13 (Athbhreithniú ar shocruithe maidir le húsáid Conarthaí Lárnacha arna gcur i bhfeidhm ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní mór creat-chomhaontuithe a úsáid i dtaca le hearraí agus le seirbhísí áirithe i gcásanna ina bhfuil siad i bhfeidhm. Cinntíonn an tAonad Airgeadais go mbíonn baill foirne atá páirteach san fheidhm soláthair ar an eolas faoi na creat-chomhaontuithe atá ann cheana féin d'earraí agus do sheirbhísí ábhartha. Déantar breithniú ar chreat-chomhaontuithe atá ann cheana a úsáid sa chéad ásc nuair a bhíonn aon soláthar suntasach á bhreithniú.

## Soláthar TFC

Cinntíonn an tAonad TFC go ndéantar gach ceannachán TFC de réir fhorálacha Chiorclán 02/09 (Socruithe maidir le Caiteachas TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí) agus Chiorclán 02/11 (Socruithe Breise maidir le Caiteachas TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí). Baineann sé leas as na creataí soláthair lárnaigh uile nuair is féidir.

## Prionsabail um Luach ar Airgead

Cé gur toisc thábhachtach é praghas nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar luach ar airgead i soláthar, níl sé ar an aon athróg amháin is gá a chur san áireamh. Tá tosca eile nach mbaineann le costas i gceist le luach ar airgead freisin, amhail an cheist maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an ceannachán oiriúnach don fheidhm atá beartaithe, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil caighdeán an cheannacháin sách ard, agus maidir le cé acu a fhreastalaíonn nó nach bhfreastalaíonn an leibhéal seirbhíse nó tacaíochta a cuireadh ar fáil ar riachtanais na heagraíochta. Dá réir sin, cloíonn baill foirne leis na prionsabail seo a leanas agus earraí nó seirbhísí á gceannach acu:

- A fhiafraí cé acu atá nó nach bhfuil na hearraí / na seirbhísí atá le soláthar ag teastáil ar chor ar bith
- A chinntiú go bhfuil an soláthar ag teacht le haidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta
- Bheith soiléir maidir leis an rud is mian leis an eagraíocht a cheannach
- Dóthain ama a chur ar fáil don soláthar
- Breithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil aon roghanna oiriúnacha eile ann a d'fhreastalódh ar riachtanais an tsoláthair
- Cloí leis na nósanna imeachta agus leis na treoirlínte ginearálta agus le nósanna imeachta agus treoirlínte na heagraíochta maidir le soláthar

# Aguisín 1
## Struchtúr Mionsonraithe na Foirne Bainistíochta

